
A Chómhúinteoir, a chara,
Beannachtaí ó Fhoireann na Gaeilge Iar-bhunscoile an GhaelAonaid. Tá an t-earrach buailte linn. Go raibh maith agat as clárú le cor poist a fháil uainn. Tá súil againn go mbeidh cor poist mhí Feabhra tairbheach do gach éinne.



## Seanfhocal na Míosa

Má chuireann tú san Earrach,
bainfidh tú san Fhómhar.

## Eispéiris Foghlama Gairmiúla 2025/2026


Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí
Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (T1)

Cuireadh tús le soláthar EFGanna Gaeilge don scoilbhliain 2025/2026 i mí Dheireadh Fómhair 2025 d'iar-bhunscoileanna atá anois i gcrích. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil libh agus guímid an rath oraibh ag cur na foghlama i bhfeidhm. 'Turas Foghlama an Scoláire a Shaibhriú tríd an gCur Chuige Comhtháite' ábhar na bliana seo. Rinneadh iniúchadh ar an gcur chuige comhtháite mar mhodh theagaisc agus ar an bhfoghlaim chéimneach trí ábhar dualgais agus ábhar dílis a fhiosrú. Seo hé an nasc chuig an ábhar foghlama gairmiúla sin.

## Instagram

Tá cuntas Instagram ag an nGaelAonad. Bígí dár leanúint ag @oidegaelaonad nó gheobhaidh tú rochtain ar an leathanach ón gcód mearfhreagartha chun an t-eolas agus an nuacht is déanaí a fháil mar aon le fáil amach faoin na heispéiris foghlama gairmiúla atá ar siúl sa GhaelAonad.

@OIDEGAELAONAD

# Bláthú Teanga í a Léamh 5: Spléachadh ar 'An Féileacán agus an Crann Úll'

Mar chuid den tsraith d'eispéiris foghlama gairmiúla (EFG) ar an ábhar dualgais do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta, beidh Bláthú Teanga í a Léamh 5 ag tabhairt spléachadh ar an ngearrdhráma 'An Féileacán agus an Crann Úll ' le Mícheál Mac Cárthaigh.

San EFG seo, déanfar iniúchadh ar na bealaí ar féidir an litríocht a úsáid mar acmhainn teanga le scileanna teanga scoláirí a fhorbairt. Pléifear cleachtais ionchuimsitheacha agus straitéisí comhoibríocha a chabhróidh leat freastal ar na foghlaimeoirí ar fad sa seomra ranga Gaeilge. Cláraígí tríd an nasc seo.

Oide

## 'Bláthú Teanga í a Léamh...'

Beidh sraith d'eispéiris foghlama gairmiúla (EFG) ar siúl faoin Chiorclán 0071/2025: Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus 2028

EFG Idirghníomhach ar Zoom* Líon teoranta áiteanna

Fiosrófar bealaí le litríocht a úsáid mar acmhainn teanga i bhforbairt scileanna teanga le béim ar an gcur chuige comhtháite.

Spléachadh ar 'An Féileacán agus an Crann Úll'

| Bláthú Teanga í a Léamh 5: Spléachadh ar 'An Féileacán agus an Crann Úll' | |
|---|---|
| Dáta | Am |
| ~~Déardaoin 12 Feabhra 2026*~~ | ~~16:30-17:30~~ |
| ~~Déardaoin 12 Feabhra 2026*~~ | ~~18:30-19:30~~ |
| ~~Dé Luain 23 Feabhra 2026*~~ | ~~16:30-17:30~~ |
| ~~Dé Luain 23 Feabhra 2026*~~ | ~~18:30-19:30~~ |
| **Dé Máirt 3 Márta 2026*** | **16:30-17:30** |
| **Dé Máirt 3 Márta 2026*** | **18:30-19:30** |

*Is ionann ábhar na nEFGanna thuasluaite ar fad.

Cuir d'áit in áirithe do do rogha EFG **amháin** acu tríd an gcód MF a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar https://oide.ie/ga/muinteoiri/ Bheadh sé fiúntach an t-ábhar dualgais a iniúchadh roimh ré.

@Oide_PP_Gaeilge @OideGaelAonad oide.ie

## An tAiseolas Ceartaitheach mar Chur Chuige chun Cruinneas a fhorbairt i gComhthéacs an Tumoideachais


Tá EFGanna ar fáil ar shuíomh Oide chun tacaíocht a thabhairt do cheannairí scoile agus múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge cruinneas a fhorbairt i measc foghlaimeoirí. Tá an seimineár gréasáin ar fáil anseo.

## Spreagadh: Sraith Foghlama Oide 23-28 Feabhra

Tugann Oide cuireadh do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile a bheith páirteach in Spreagadh, Sraith Foghlama Oide idir an 23 agus an 28 Feabhra. Clár náisiúnta é lán d'imeachtaí fuinniúla a spreagann cruthaitheacht, a chruthaíonn spás don fhás agus don fhoghlaim phearsanta. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.

Seo sampla den mhéid a bheidh ar fáil le linn na seachtaine:

- IS i seomra ranga na heolaíochta
- Mór-Phictiúir den Stair
- Meadow Makers i gcomhar le Wildacres
- Cleachtas Ciorcail a Úsáid sa seomra ranga Bunscoile
- IS do cheannairí
- Ag eiseamláiriú le Python
- Uirlisí Eolaíochta - Táirg, Tóg leat agus Teagasc
- Contanam na Foghlama ar Obair: Painéal faoi stiúir scoláirí
- An Bhearna a shárú - Am Machnaimh idir Ceannairí Scoile agus MNCanna




## Teacht an Earraigh

Táimid ag céiliuradh teacht an Earraigh agus seo véarsa ón dán cáiliúil 'Cill Aodáin' le hAntaine Ó Raifteirí

## Dáta don Dialann: Tionól Teagaisc 2026

Is cúis áthais d'Oide a fhógairt go mbeidh Tionól Teagaisc 2026 ar siúl ar an 7 Samhain, 2026 in Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7. Déan nóta den dáta i do dhialann agus scaip an scéal! Tá múinteoirí Gaeilge á lorg againn a bheidh toilteanach a gcuid cleachtais a roinnt le múinteoirí Gaeilge eile. Foilseofar foirm um léiriú spéise go luath.

## Club Cleite na Múinteoirí

Beidh Fighting Words agus Oide Creativity ag cur seisiún scríbhneoireachta ar fáil do mhúinteoirí. Bhí an chéad seisiún ar siúl ar an 5 Feabhra. Féadfaidh múinteoirí iar-bhunscoile nó bunscoile a bheith páirteach sna seisiúin seo a bheidh ar siúl ar líne ar na dátaí seo:

4 Márta, 16 Aibreán ó 7i.n. – 8.30 i.n.

Is deis atá ann do mhúinteoirí:

- Tabhairt faoin scríbhneoireacht chruthaitheach
- Cleachtas cruthaitheach sa seomra ranga a phlé le múinteoirí eile
- Foghlaim ó na haoi-scríbhneoirí Anna Heussaf agus Alex Hijmans

Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.

## Gaeilge sa tSraith Shinsearach - Tráinse a 4

Mar chuid den athfhorbairt ar an tsraith shinsearach, táthar ag súil go gcuirfear an tsonraíocht nua le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta i bhfeidhm i scoileanna ó Mheán Fómhair 2028. Beidh ról lárnach ag meitheal forbartha Gaeilge na hArdteistiméireachta san obair seo. Is féidir eolas a fháil ar an obair forbartha ábhair anseo.

## Ábhar Tacaíochta

Tá ábhar tacaíochta cruthaithe ag an gComhairle Um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta i gcomhar le TG4. Tá na míreanna agus bileoga oibre ar fáil anseo. Seo sampla den mhéid atá ar fáil:

-Damáiste déanta ag Stoirm Chandra

-Bord Síochána Trump

-Ainmniúchán BAFTA do Scríbhneoir ó Ghort an Choirce.

# Seachtain na Gaeilge 1 - 17 Márta 2026

Tá leabhrán Sheachtain na Gaeilge ar fáil ar shuíomh Oide anseo. Tá neart acmhainní ar fáil ann chun tacú le múinteoirí le linn Sheachtain na Gaeilge.


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Leabhrán
Sheachtain na Gaeilge

Cluichí agus acmhainní chun tacú le múinteoirí le linn Sheachtain na Gaeilge

## Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta 2027 agus 2028

Déanaigí fiosrú ar na tacaíochtaí atá cruthaithe ag an gComhairle Um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta i gcomhar le TG4 Foghlaim le tacú leat ciorclán 0071/2025 a chur i bhfeidhm don Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus 2028. Tá na hacmhainní ar fáil anseo.

## Scoláireacht PhD Sealbhú

Tá dhá scoláireacht PhD le bronnadh ar dhaoine gur mhaith leo taighde a dhéanamh le Sealbhú Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá scoláireacht amháin dírithe ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge i gcomhar le plean gnímh don Ghaeilge sna scoileanna meán-Bhéarla. Tá an dara scoláireacht dírithe ar theagasc agus ar an bhfoghlaim i suíomhanna meán-Bhéarla nó i suíomhanna Gaeltachta/lán-Ghaeilge. Is é an spriocdháta chun iarratas a chur isteach ná 5.00i.n. ar an 23 Márta 2026. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo.

## Coiste Gaeilge na Scoláirí - Seachtain na Gaeilge

An bhfuil Coiste Gaeilge do Scoláirí i do scoil? Ar mhaith leat Coiste a bhunú mar thionscadal do Sheachtain na Gaeilge? Tá tacaíocht ar fáil ó Ghaeloideachas sa leabhar 'Beatha Teanga: An Ghaeilge: Teanga na Cumarsáide, An Spraoi agus an tSóisialaithe d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta'. Tá inspioráid agus treoir le fáil sa chaibidil Coiste Gaeilge na Scoláirí. Tapaigh an deis agus go n-éirí go geal libh leis an tionscadal seo.

Tá súil againn go raibh briseadh lárthéarma suaimhneach ag gach éinne. Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie.

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, GaelAonad, Oide.
*Ní haon ualach í an fhoghlaim*